An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Ráitis Airgeadais

# don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Eolas faoin gComhairle**

**Cathaoirleach:**
Noelle Moran

**Leas-Chathaoirleach:**
Sean McMahon

**Comhaltaí na Comhairle:**
Asiya Al-Tawash (ceaptha an 19 Aibreán 2018)
Geoffrey Browne (ceaptha an 19 Aibreán 2018)
Rebecca Byrne (ceaptha an 19 Aibreán 2018)
Elizabeth Cooney
Michael Delargey
Karen Devine
Brendan Doody (ceaptha an 2 Deireadh Fómhair 2018)
Catherine Doolan
Niall Duddy
Patricia Duffy
Peter Finnegan
An Dr Mary Fleming (téarma oifige curtha i gcrích an 3 Aibreán 2018)
Pat Gilmore
Mairéad Glynn
Colm Harte
John Holian
Declan Kelleher (téarma oifige curtha i gcrích an 3 Aibreán 2018)
Ferdia Kelly
Mary Kelly (ceaptha an 19 Aibreán 2018)
Gregor Kerr
Martin Lally (a d'éirigh as an 1 Deireadh Fómhair 2018)
Gerry Leydon
Máire Lineen
Áine Lynch (téarma oifige curtha i gcrích an 3 Aibreán 2018)
Denis Magner
An Dr Anthony Malone (ceaptha an 19 Aibreán 2018)
Claire Markey
An tOll. Marie McLoughlin (ceaptha an 19 Aibreán 2018)
Paul Mooney (téarma oifige curtha i gcrích an 3 Aibreán 2018)
Seamus Mulconry
An Dr Melanie Ní Dhuinn (ceaptha an 19 Aibreán 2018)
Deirdre O’Connor
Séamus O’Connor
An tOll. Pádraig Ó Duibhir (téarma oifige curtha i gcrích an 3 Aibreán 2018)
Seamus Ó Fearraigh
An tOll. Anne O’Gara (téarma oifige curtha i gcrích an 3 Aibreán 2018)
Cathnia Ó Muircheartaigh (téarma oifige curtha i gcrích an 3 Aibreán 2018)

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Eolas faoin gComhairle**

Seán O'Neill
An tOll. Mary O'Sullivan (téarma oifige curtha i gcrích an 3 Aibreán 2018)
Gerry Quinn
Eamonn Shaughnessy
Tracie Tobin
Frank Turpin

| | |
|---|---|
| **Iniúchóirí** | Anne Brady McQuillans DFK<br>Cuntasóirí Cairte<br>& Iniúchóirí Cláraithe<br>Cúirt Uíbh Eachach<br>Bóthar Fhearchair<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Seoladh Gnó** | Bloc A<br>Campas Gnó Mhaigh Nuad<br>Maigh Nuad<br>Co. Chill Dara |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>An Phríomhshráid<br>Maigh Nuad<br>Co. Chill Dara |
| | AIB Bank plc<br>An Phríomhshráid<br>Maigh Nuad<br>Co. Chill Dara |
| **Aturnaetha** | Comhpháirtíocht McDowell Purcell<br>Aturnaetha<br>Foirgneamh Chéipil<br>Mainistir Mhuire, Baile Átha Cliath 7 |
| | Byrne Wallace<br>Aturnaetha<br>88 Sráid Fhearchair<br>Baile Átha Cliath 2 |

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

## Clár na nÁbhar


**Leathanach**

Ráiteas ar Rialachas agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle **1 - 5**

Ráiteas ar Rialú Inmheánach **6 - 7**

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha **8 - 10**

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais **11 - 12**

Clár Comhardaithe **13**

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim **14**

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais **15 - 23**

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Ráiteas ar Rialachas agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle**

## Rialachas

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Leagtar amach feidhmeanna na Comhairle in alt 7 den Acht seo. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Oideachais agus Scileanna agus freagrach as rialachas maith a chinntiú a chuirtear i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist ghnó. Is freagrachtaí iad de chuid an Stiúrthóra/Phríomhfheidhmeannaigh agus de chuid na foirne bainistíochta sinsearaí an Chomhairle Mhúinteoireachta a bhainistiú, a rialú agus a stiúradh ó lá go lá. Ní mór don Stiúrthóir/Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann shinsearach bainistíochta an treoir ghinearálta straitéiseach atá leagtha amach ag an gComhairle a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Chomhairle ar na gníomhaíochtaí agus ar na cinntí tábhachtacha a bhaineann leis an eagraíocht, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir/Príomhfheidhmeannach mar idirchaidreamh díreach idir an Chomhairle agus bainistíocht na Comhairle Múinteoireachta.

## Freagrachtaí na Comhairle

Leagtar amach dualgais agus freagrachtaí na Comhairle ina Cód Cleachtais lena n-áirítear freisin nithe sonracha a bhíonn le cinneadh ag an gComhairle. Ar na buan-mhíreanna de chlár na Comhairle tá:

- Dearbhú leasanna
- Miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a cheadú
- Tuairisc an Stiúrthóra
- Tuarascálacha ó choistí eile a fháil agus a mheas agus cinntí a dhéanamh mar is cuí
- Nithe forchoimeádta

De réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, ní mór don Chomhairle gnáthchuntais agus taifid chuí a choinneáil ar airgead a fhaightear agus a chaitear ar shealúchas, sócmhainní agus dliteanais na Comhairle.

Tá sé de dhualgas ar an gComhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta, stuama a dhéanamh
- Na cuntais airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin dá mbeadh sé míchuí a thoimhdiú go leanfadh an eagraíocht i mbun gnó
- A shonrú ar cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as taifid fhónta chuntais a choinneáil a nochtann a staid airgeadais le cruinneas réasúnta ag am ar bith, agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Is de fhreagracht na Comhairle é iomláine na faisnéise airgeadais agus na faisnéise corparáidí atá ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú.

## Ráiteas ar Rialachas agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle

Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath dá réir sin.

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Ráiteas ar Rialachas agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle**

Measann an Chomhairle go dtugtar léargas atá cruinn agus cothrom ar fheidhmíocht agus ar staid airgeadais na Comhairle ar an 31 Nollaig 2018 sna ráitis airgeadais.

## Struchtúr na Comhairle

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta comhdhéanta de 37 gcomhalta deonach, mar seo a leanas:

- Aon mhúinteoir bunoideachais déag (naonúr tofa agus beirt ainmnithe ag aontas múinteoirí)
- Aon mhúinteoir iar-bhunoideachais déag (seachtar tofa agus ceathrar ainmnithe ag aontas múinteoirí)
- Beirt ainmnithe ag coláiste oideachais
- Beirt ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sainithe
- Ceathrar ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt bhunoideachais agus beirt iar-bhunoideachais)
- Beirt ainmnithe ag comhlachas tuismitheoirí (bunscoil agus iarbhunscoil) agus
- Cúigear ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (lena n-áirítear duine ionadaíoch ar CGFE agus duine ar CNC)

Níl ach 36 chomhalta ar an gComhairle faoi láthair toisc go bhfuil folúntas amháin ann nár líonadh go fóill.

Ceaptar comhaltaí ar feadh téarma ceithre bliana. Féach ar fhaisnéis na Comhairle ag tús na ráiteas airgeadais chun sonraí a fháil ar an gComhairle reatha.

Tá an Chomhairle tar éis na Coistí agus Painéil seo a leanas a bhunú:

- An Coiste Feidhmiúcháin - a éascaíonn feidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach na Comhairle trí ghnó na Comhairle a chur i gcrích sna tréimhsí idir cruinnithe na Comhairle.
- An Coiste Imscrúdúcháin - Is féidir le haon duine iarratas a chur chuig an gCoiste Imscrúdúcháin chun fiosrúchán a dhéanamh faoi mhúinteoir atá cláraithe maidir lena bhfeidhmiúlacht chun múineadh.
- An Coiste Araíonachta - Seolfaidh painéal den Choiste Araíonachta éisteacht ar ghearán a tharchuireann an Coiste Imscrúdúcháin chuige.
- An Coiste Clárúcháin - a thugann comhairle don Chomhairle agus a dhéanann moltaí i ngach réimse a bhaineann le múinteoirí a chlárú.
- An Coiste Oideachais - atá freagrach as moltaí a dhéanamh don Chomhairle maidir le beartas a bhaineann le hoideachas leanúnach múinteoirí.
- An Coiste Airgeadais - a dhéanann maoirsiú ar chúrsaí airgeadais na Comhairle.
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca - a dhéanann monatóireacht ar an gcóras rialála inmheánach laistigh den eagraíocht agus a bhainistíonn riosca.
- An Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin - Suíonn an Coiste Clárúcháin faoin ainm an Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin i gcásanna nuair a dhéanann múinteoirí nach bhfuil sásta leis an toradh a thagann as cinneadh painéil iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad chinneadh.
- An Painéal Clárúcháin - atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le múinteoirí a chlárú, ar nós síneadh a cheadú dóibhsean a bhfuil clárú coinníollach acu.

## Ráiteas ar Rialachas agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle

**Ráiteas ar Rialachas agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle**

- An Painéal ar Fhianaise Carachtair - a dhéanann measúnú ar fhianaise carachtair iarratasóirí atá ag iarraidh clárú leis an gComhairle mar mhúinteoirí. Tá an Painéal freagrach as measúnú a dhéanamh ar dhaoine atá cuí oiriúnach mar chuid den phróiseas a bhaineann le hathnuachan clárúcháin.
- Painéal na gCáilíochtaí - a dhéanann measúnú ar cháilíochtaí gairmiúla iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí.

**Nochtadh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**
Ta an Chomhairle freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais a bhaineann leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”). Tá an nochtadh seo a leanas riachtanach faoin gCód:

Costais Sainchomhairleoireachta
Áirítear ar chostais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe “gnó mar is gnách”.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Comhairle Dlí | 82,876 | 38,248 |
| Riarachán Pinsean | 15,690 | 4,459 |
| Pleanáil straitéiseach (lena n-áirítear Straitéis TF) | 8,312 | 19,188 |
| Soláthar | 3,659 | 5,151 |
| Rialú Inmheánach agus iniúchadh inmheánach | 9,504 | 4,513 |
| Cumarsáid | 79,229 | 76,440 |
| TFC | 37,714 | 22,413 |
| Acmhainní Daonna | 22,464 | - |
| Bainistíocht Tionscadail (tionscadal maidir leis an mBunachar Sonraí a Athchur) | - | 52,250 |
| | 311,698 | 170,412 |

Costais Dlí Eile

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais Dlí – Clárú | 231,347 | 174,709 |
| Costais Dlí – Caighdeáin Ghairmiúla | 381,122 | 476,401 |
| | 612,469 | 651,110 |

## Ráiteas ar Rialachas agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle

Caiteachas Taistil agus Maireachtála

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| **Baile** | | |
| - Comhaltaí na Comhairle | 137,381 | 128,751 |
| - Foireann | 58,992 | 44,211 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Comhaltaí na Comhairle | 988 | 2,639 |
| - Foireann | 13,027 | 11,712 |
| | 210,388 | 187,313 |

Caiteachas Aíochta

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Leas na foirne | 6,583 | 1,885 |

Cuireadh scagthástáil sláinte fóirdheonaithe ar fáil d'fhoireann na Comhairle in 2018.

**Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an gComhairle agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht iomlán a chinntiú in 2019. Thug an Chomhairle faoi anailís ar bhearnaí le linn 2017 chun na réimsí is gá dul i ngleic leo a aithint. Tugadh faoin gcuid is mó díobh seo in 2018. Ar na réimsí is mó a bhfuil gá dul i ngleic leo go fóill tá:

- Athbhreithniú éifeachtachta de chuid na Comhairle a chur i gcrích
- Riachtanais maidir le Seirbhís do Chustaiméirí

**Forbairtí Amach Anseo**

Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint lena cuid gníomhaíochtaí reatha. Tá tús curtha ag an gComhairle le próiseas forbartha do Cosán, an creat náisiúnta um fhoghlaim mhúinteoirí, atá le teacht chun críche in 2020.

**Leabhair Chuntais**

De réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuntais leordhóthanacha a choimeád a nochtann go réasúnta cruinn, tráth ar bith, staid airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin. Déantar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara.

## Ráiteas ar Rialachas agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle

**Ráiteas ar Rialachas agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle**

**Na hIniúchóirí**
Tá sé curtha in iúl ag na hIniúchóirí, Anne Brady McQuillans DFK, go bhfuil siad sásta leanúint in oifig.

**Imeachtaí i ndiaidh Dháta an Chláir Chomhardaithe**
Ní raibh aon imthosca ann ná níor tharla aon imeachtaí i ndiaidh dheireadh na bliana a fhágann gur gá na ráitis airgeadais nó na nótaí a ghabhann leo a choigeartú, nó gur gá iad a nochtadh sna ráitis nó sna nótaí sin.

Thar ceann na Comhairle

| | |
|---|---|
| **Noelle Moran** | **Tomás Ó Ruairc** |
| **Cathaoirleach** | **Stiúrthóir** |

**Dáta: an 20 Bealtaine 2019**

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Raon Freagrachta

Thar ceann chomhaltaí na Comhairle Múinteoireachta, aithním an fhreagracht atá orainn a dheimhniú go ndéantar córas rialála inmheánaigh airgeadais atá éifeachtach a chur ar bun agus a chur i bhfeidhm.

### Aidhm an Chórais Rialála Inmheánaigh

Tá an córas rialála inmheánaigh ann chun riosca a bhainistiú ar leibhéal atá inghlactha seachas é a dhíothú. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil cosc á gcur ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go dtiocfaí orthu in am trátha.

Tá an córas rialála inmheánaigh, a thagann le Treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe á chur i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### An Acmhainn chun Riosca a Láimhseáil

Le linn 2018, bhí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar a raibh cúig bhall de chuid na Comhairle. Tá beirt chomhaltaí ceaptha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gComhairle anois d'fhonn scileanna agus taithí bhreise a bhaineann le hábhar a chur leis an gCoiste. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2018.

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta seachfhoinsiú ar a feidhm iniúchta inmheánaigh dá gcuirtear acmhainní leordhóthanacha ar fáil agus reáchtáiltear clár oibre atá aontaithe leis an gCoiste iniúchóireachta agus Riosca.

Tá beartas maidir le Bainistíocht Riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí, róil agus freagrachtaí na mball foirne maidir le riosca.

### Creat Riosca agus Rialála

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an Coiste iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear na gníomhartha agus an rialú a theastaíonn chun rioscaí a laghdú sa chlár riosca. Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- Tá doiciméadú á dhéanamh ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas ghnó
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasachta dá réir i gceist,

- Tá córas cuimsitheach pleanála agus buiséadaithe in úsáid agus déantar athbhreithniú míosúil ar threochtaí caiteachais.

**Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach**

- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmligin cosúil le huasteorainneacha údarúcháin arna gceadú ag an gComhairle agus dualgais a bhaineann le híocaíochtaí a phróiseáil a choinneáil deighilte ó dhualgais a bhaineann le híocaíochtaí a fhaomhadh.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní fisiciúla agus sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide araon a chosaint.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**
Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don Chomhairle, nuair is ábhartha agus in am trátha. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú go rialta ar thuarascálacha feidhmíochta míosúla agus bliantúla agus airgeadais a thugann léiriú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséad

**Soláthar**
Deimhním go bhfuil na nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun a chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte reatha soláthair á gcomhlíonadh agus gur chloí an Chomhairle Mhúinteoireachta leis na nósanna imeachta sin le linn 2018.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**
Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Is de réir obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus an bhainistíocht shinsearach atá laistigh den Chomhairle Mhúinteoreachta atá freagrach as an gcreat inmheánach rialaithe airgeadais a fhorbairt, a dhéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú ar an gcóras inmheánach rialaithe airgeadais,

Deimhním gur thug an Chomhairle faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2018.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**
Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach a bhí le nochtadh sna ráitis airgeadais maidir leis an mbliain 2018.

Thar ceann na Comhairle

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Noelle Moran**
**Cathaoirleach**
**Dáta: an 20 Bealtaine 2019**

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha**

**do Chomhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta**

## Tuarascáil ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

### An Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018, arb ionann iad agus an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha a leagtar amach i nóta 1. Is é Dlí na hÉireann agus FRS 102 "An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann" an creat tuairiscithe airgeadais ar baineadh úsáid as chun iad a ullmhú.

Is é an tuairim atá againn i leith na ráiteas airgeadais:

- go dtugtar cur síos fíor agus cothrom iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an chomhlachais amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar a bharrachas don bhliain dar críoch sin;
- gur ullmhaíodh mar is cuí iad de réir FRS 102 "An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann"; agus
- gur ullmhaíodh mar is cuí iad de réir cheanglais Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

### An bonn atá leis an tuairim

Tugadh faoin iniúchadh de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (ISAnna (Éire)) agus an dlí infheidhme. Déantar breis cur síos ar na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin inár dtuarascáil sa chuid Freagrachtaí na nIniúchóirí i ndáil le hIniúchadh na Ráiteas Airgeadais. Táimid neamhspleách ar an gcomhairle de réir na gceanglas eiticiúil mar a bhaineann le hiniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil atá eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile a bhí orainn comhlíonta againn de réir na gceanglas sin. Measaimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá aimsithe againn leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

### Conclúidí i ndáil le gnóthas leantach

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis na nithe seo a leanas ina n-éilíonn na ISAnna (Éire) orainn tuairisciú ina leith sa chás:

- nach bhfuil an úsáid a bhaineann comhaltaí na comhairle as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú oiriúnach; nó
- nár nocht comhaltaí na comhairle sna ráitis airgeadais aon neamhchinnteachtaí ábhartha a aithníodh agus a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na comhairle leanúint le bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a ghlacadh go ceann tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a n-údaraítear na ráitis airgeadais le heisiúint.

### Faisnéis Eile

Is iad comhaltaí na comhairle atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Tá an fhaisnéise eile comhdhéanta den fhaisnéis ar fad atá sa tuarascáil bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus Tuarascáil na nIniúchóirí. Ní bhaineann ár dtuairim ar na ráitis airgeadais leis an bhfaisnéis eile agus, seachas sa mhéid ina luaitear go follasach inár dtuarascáil, ní thugtar aon deimhniú mar chonclúid ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil

**Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha**

**do Chomhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta**

míráiteas ábhartha i gceist. Sa chás go n-aithnímid neamhréireachtaí ábhartha dá leithéid nó míráitis follasacha ábhartha, éilítear orainn a shocrú cibé an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha déanta ar an bhfaisnéis eile. Má shocraímid, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist sa bhfaisnéis eile seo, éilítear orainn tuairisciú ina leith sin. Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis seo.

**Nithe nach mór dúinn a thuairisciú trí eisceacht**

Bunaithe ar an eolas agus an tuiscint atá againn ar an gcomhairle agus an timpeallacht a fuaireamar le linn an iniúchta, níor aithníomar aon mhíráitis ábhartha sa Ráiteas ar Rialachas agus i dTuairisc Chomhaltaí na Comhairle.

**Freagrachtaí faoi seach**

**Freagrachtaí atá ar chomhaltaí na comhairle i ndáil leis na ráitis airgeadais**

Mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe sa Ráiteas Rialachais agus i dtuairisc Chomhaltaí na Comhairle, tá comhaltaí na comhairle freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom, agus as rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá comhaltaí na comhairle freagrach as measúnú a dhéanamh ar acmhainn na comhairle leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach, agus nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, mar is infheidhme agus úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé i gceist ag an mbainistíocht an chomhairle a leachtú nó éirí as an oibríocht nó nach bhfuil aon rogha eile réadúil eile acu ach sin a dhéanamh.

**Freagrachtaí na nIniúchóirí i ndáil le hiniúchadh na ráiteas airgeadais**

An cuspóir atá againn teacht ar dhearbhú réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid agus Tuarascáil Iniúchóirí a eisiúint ina dtugtar ár dtuairim. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna (Éire), ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár gcuid freagrachtaí do iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar láithreán gréasáin an IAASA ag: <www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description of auditors responsibilities for audit.pdf.> Tá an cur síos sin ina chuid de Thuarascáil na nIniúchóirí.

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

## do Chomhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta

**Aidhm na hoibre iniúchóireachta a dhéanaimid agus cé leis a bhfuilimid freagrach**
Cuirtear an tuarascáil seo faoi bhráid chomhaltaí na comhairle amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Gabhadh don obair iniúchóireachta le go bhféadfaí na nithe is gá a lua le comhaltaí na comhairle a chur faoina mbráid i dTuarascáil na nIniúchóirí agus ní ar mhaithe le haon chuspóir eile. A mhéad a cheadaítear de réir an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghéillimid freagracht ar bith i leith aon duine seachas an chomhairle agus comhaltaí na comhairle mar chomhlacht, as an obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo nó as na tuairimí a thugaimid.

**Natalie Kelly**
**ar son agus thar ceann**
**Anne Brady McQuillans DFK**
**Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe**
**Cúirt Uíbh Eachach**
**Bóthar Fhearchair**
**Baile Átha Cliath 2**

**Dáta: an 20 Bealtaine 2019**

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais**
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

| | | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | **Nótaí** | | |
| Táillí Clárúcháin agus Measúnaithe | 6,927,015 | 6,696,862 | |
| **Ioncam Iomlán** | **2** | 6,927,015 | 6,696,862 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Chóiríochta | | | (114,114) |
| | | (117,758) | |
| Costais Soláthair Foirne | | (3,909,111) | (3,740,928) |
| Costais Chaighdeáin Ghairmiúla | | (409,705) | (498,488) |
| Costais Eile Riaracháin | | (1,083,689) | (881,026) |
| Costais Chúrsaí, Chomhdhálacha agus Chruinnithe | | (181,699) | (172,722) |
| Costais Chlárúcháin agus Fíorúcháin | (168,646) | (96,641) | |
| Costais Teicneolaíochta Faisnéise | | (293,912) | (301,816) |
| Costais Chumarsáide agus Oideachais | (955,949) | (682,170) | |
| Dímheas | **7** | (365,527) | (392,563) |
| **Caiteachas Iomlán** | | (7,482,352) | (6,884,112) |
| **Easnamh i leith Gnáthghníomhaíochtaí** | | (555,337) | (187,250) |
| Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil | | 21,775 | 29,910 |
| Ioncam Cíosa Sealúchas | | 189,184 | 189,184 |
| Costais Bainistíochta Sealúchas | | (44,033) | (44,900) |
| **Easnamh roimh chánachas** | **3** | (388,411) | (13,056) |
| Cánachas | **6** | (9,329) | (13,037) |
| **Easnamh i ndiaidh cánachais** | | (397,740) | (26,093) |

**An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais**
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

Níl aon bharrachas ná easnamh aitheanta seachas an toradh do na tréimhsí airgeadais thuasluaite. D'eascair toradh na bliana go hiomlán as gnóthaí leantacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 15 go 23.

Cheadaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 20 Bealtaine 2019 agus shínigh siad seo a leanas iad thar a ceann

| | |
|---|---|
| **Noelle Moran** | **Tomás Ó Ruairc** |
| **Cathaoirleach** | **Stiúrthóir** |

## Clár Comhardaithe
## amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | € | 2018 € | € | 2017 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | **7** | | 4,434,150 | | 4,779,991 |
| | | | 4,434,150 | | 4,779,991 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | **8** | 30,982 | | 10,457 | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 13,097,480 | | 13,122,865 | |
| | | 13,128,462 | | 13,133,322 | |
| **Dliteanais Reatha: Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin** | **9** | (188,367) | | (141,328) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | 12,940,095 | | 12,991,994 |
| **Iomlán Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha** | | | 17,374,245 | | 17,771,985 |
| **Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Ainmnithe | **10** | | 4,000,000 | | 4,000,000 |
| Cúlchistí Ginearálta | **10** | | 13,374,245 | | 13,771,985 |
| **Iomlán na gCistí** | | | 17,374,245 | | 17,771,985 |

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 15 go 23.

D’fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 20 Bealtaine 2019 agus síníodh iad thar a ceann ag

**Noelle Moran**
**Chairperson**

**Tomás Ó Ruairc**
**Director**

## Ráiteas Sreabhaidh Airgid
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| **Easnamh oibriúcháin a réiteach le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Easnamh Oibriúcháin (roimh ús a bheith faighte) | | (410,186) | (42,966) |
| Dímheas **3** | | 365,527 | 392,563 |
| (Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe **8** | | (20,525) | 340 |
| Méadú ar chreidiúnaithe **9** | | 47,039 | 24,143 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | | (18,145) | 374,080 |
| **Ráiteas Sreabhaidh Airgid** | | | |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta | | (18,145) | 374,080 |
| Torthaí ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais | **12** | 21,775 | 29,910 |
| Cánachas | **12** | (9,329) | (13,037) |
| Caiteachas Caipitil | **12** | (19,686) | (115,047) |
| **(Laghdú)/Méadú ar airgead tirim sa bhliain** | | (25,385) | 275,906 |
| **Glansreabhadh airgid thirim a réiteach le gluaiseachtaí i nglanchistí (Nóta 13)** | | | |
| (Laghdú)/Méadú ar airgead tirim sa bhliain | | (25,385) | 275,906 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir 2018 | | 13,122,865 | 12,846,959 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2018** **13** | | 13,097,480 | 13,122,865 |

Cheadaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 20 Bealtaine 2019 agus shínigh siad seo a leanas iad thar a ceann

**Noelle Moran**
**Chairperson**

**Tomás Ó Ruairc**
**Director**

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais**
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

## 1. Beartais Chuntasaíochta

### 1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh go coitianta leo in Éirinn agus reacht na hÉireann (lena n-áirítear FRS102). Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh go coitianta leo in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú ina dtugtar léargas fíor cothrom, na caighdeáin arna bhfoilsiú ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

### 1.2. Ioncam

Is ionann ioncam agus táillí clárúcháin agus measúnaithe a fhaightear i rith na bliana. Tugtar cuntas ar an ioncam/na táillí uile is infhaighte ar bhonn fáltas, seachas ioncam ó athbhreithniú agus creidiúnú chláir oideachais tosaigh múinteoirí, a dhéantar ar bhonn sonraisc. Cláraíonn múinteoirí i rith na bliana agus maireann an clárú 12 mhí. Ní dhéantar ioncam a chur siar leis sin a léiriú. In 2014 cheannaigh an Chomhairle Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad agus tá ioncam cíosa á fháil aici ó thionóntaí an fhoirgnimh. Tá sé seo curtha san áireamh faoi "Ioncam Cíosa Sealúchais" sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### 1.3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear na sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas stairiúil lúide dímheas carntha.

Déantar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe a dhímheas ar rátaí arna ríomh chun costas ó luacháil gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go córasach ar feadh a saolré fónta ionchais, mar seo a leanas:

Áitreabh - 2.5% de réir méid chothroim
Daingneáin agus Feistis - 10% de réir méid chothroim
Bogearraí Ríomhaire - 20% de réir méid chothroim
Trealamh Ríomhaire - 33.33% de réir méid chothroim

Déantar suim ghlanluacha na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú gach bliain i leith lagú i dtréimhsí má thugann imeachtaí nó athruithe in imthosca le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inaisghabhála.

............... ar lean

**1.4. Pinsin**

Déanann an Chomhairle scéim phinsin le sochar sainithe a fheidhmiú dá cuid fostaithe. Tá an scéim bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí agus cheadaigh an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Airgeadais í. Déantar sochair phinsin atá iníoctha faoin scéim a mhaoiniú as an Státchiste.

Ina theannta sin, tá roinnt saintréithe faoi leith ag baint le socruithe na Comhairle:

- íocann an Chomhairle ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna
- tá eilimint fostaí san áireamh sa ranníocaíocht sin i dteannta na heiliminte fostóra. De réir bheartas an rialtais faoi phinsin san earnáil phoiblí, is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta D.
- thug an Roinn Oideachais agus Scileanna, le comhaontú na Roinne Airgeadais, gealltanas follasach go n-íocfar costas na sochar as an Státchiste de réir mar a bheidh siad dlite.

Tugadh isteach Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 agus a tháinig in éifeacht ón 1 Eanáir 2013. Tá gach fostaí de chuid na Comhairle Múinteoireachta a tháinig isteach san earnáil phoiblí ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh ina mball den Scéim Aonair.

Measann an Chomhairle go bhfuil an tionchar airgeadais céanna ag na socruithe pinsin thuas ó thaobh na Comhairle de agus a bheadh ag scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe. Tá an Chomhairle den tuairim nach bhfuil forálacha FRS 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a bhíonn i gceist i gcás scéimeanna le sochair shainithe, feiliúnach dá cuid cúinsí. Dá réir sin, déantar an ranníocaíocht a chuntas amhail is dá mba scéim le ranníocaíocht shainithe í.

**1.5. Cánachas**

Bunaítear an costas bliantúil cánachais ar ús ar thaiscí na bliana agus ríomhtar é faoi threoir an ráta cánach atá i bhfeidhm an dáta a bhfaightear an t-ús.

**1.6. Cúlchiste Ainmnithe**

Chinn an Chomhairle go bhféadfadh sí, de réir mar is rogha léi féin, suimeanna airgid gan teorainn a chur ar leataobh i gcomhair cúiseanna ainmnithe sa todhchaí. I gcás nach mbeadh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

............... ar lean

## 2. Ioncam

D'eascair ioncam na heagraíochta don bhliain as a príomhghníomhaíocht ar tugadh fúithi go hiomlán in Éirinn.

## 3. Easnamh Oibriúcháin

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Luaitear easnamh oibriúcháin i ndiaidh na nithe seo a leanas a mhuirearú: | | |
| Dímheas | 365,527 | 392,563 |

## 4. Soláthar Foirne agus Luach Saothair

| **Costais soláthair foirne** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Pá agus tuarastail | 2,065,534 | 1,895,507 |
| Costais leasa shóisialaigh | 175,960 | 166,230 |
| Costais Pinsean | 445,106 | 427,955 |
| Seirbhísí Bainistíochta & costas foirne na Gníomhaireachta | 1,113,544 | 1,150,105 |
| Costais Oiliúna & Leasa | 98,532 | 95,944 |
| Costais foirne éagsúla | 10,435 | 5,187 |
| | 3,909,111 | 3,740,928 |

| **(a) Sochair Comhiomlána Foirne** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 2,065,534 | 1,895,507 |
| Costais sochair scoir | 445,106 | 427,955 |
| Ranníocaíocht an fhostóra do leas sóisialach | 175,960 | 166,230 |
| | 2,686,600 | 2,489,692 |

B'ionann líon iomlán na bhfostaithe (CL) ag deireadh na bliana agus 43.6 (2017: 41.2)

............... ar lean

**(b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 2,050,426 | 1,876,745 |
| Ragobair | 4,739 | 10,692 |
| Liúntais | 10,369 | 8,070 |
| | 2,065,534 | 1,895,507 |

**(c) Príomhphearsanra Bainistíochta**

I measc an phríomhphearsanra bainistíochta atá sa Chomhairle Mhúinteoireachta tá an Stiúrthóir/Príomhfheidhmeannach, an Leascheann agus Stiúrthóir Foghlama agus Taighde Múinteoirí, Ceann Ionduchtúcháin agus Oideachas Múinteoirí, Ceann Clárúcháin, Ceann na gCaighdéan Gairmiúil agus Ceann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 598,979 | 522,694 |
| Liúntais | - | - |
| | 598,979 | 522,694 |

Ní áirítear leis seo an luach a saothraíodh ar shochair scoir le linn na tréimhse. Is baill de scéim pinsean na Comhairle Mhúinteoireachta iad na daoine atá ina gcuid den phríomhphearsanra bainistíochta (seachas an Stiúrthóir/Príomhfheidhmeannach) agus níl a gcuid teidlíochtaí ina leith sin ag dul thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsean seirbhíse poiblí.

Ní fhaigheann comhaltaí na Comhairle aon luach saothair as a gcuid oibre thar ceann na Comhairle.

**(d) Tuarastal agus Sochair an Stiúrthóra/an Phríomhfheidhmeannaigh** **2018**
**2017**

| | | |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 105,226 | 100,006 |
| Sochair eile | - | - |
| | 105,226100,006 | |

Is ón Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta a dhéantar Stiúrthóir/Príomhfheidhmeannach na Comhairle Múinteoireachta a cheapadh agus is ball é de scéim pinsean na Roinne sin. Níl a chuid

**Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais**
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

............... ar lean

teidlíochtaí ina leith sin ag dul thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsean seirbhíse poiblí. Ní áirítear thuas an luach ar shochair scoir a saothraíodh le linn na tréimhse seo.

............... ar lean

**(e) Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe**

Déantar na sochair ghearrthéarmacha fostaithe sa bhreis ar €60,000 a rangú sna bandaí seo a leanas:

| **Raon** | | **Líon Fostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go dtí** | **2018** | **2017** |
| € 60,000 | € 69,999 | 2 | 3 |
| €70,000 | €79,999 | 3 | 1 |
| €80,000 | €89,999 | 2 | 2 |
| €90,000 | €99,999 | 0 | 1 |
| €100,000 | €109,999 | 2 | 1 |

## 5. Costais Pinsean

Is ionann an costas pinsean agus na ranníocaíochtaí is iníoctha leis an gciste pinsin ag an gComhairle.

## 6. Cánachas 2018 2017

| | € | € |
|---|---|---|
| **Cánachas na bliana reatha** | | |
| CCUT | 9,329 | 13,037 |

Déantar Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a leasú le hAlt 37 den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2013 d'fhonn an Chomhairle Mhúinteoireachta a áireamh sa liosta de chomhlachtaí sonraithe neamhthráchtála atá urraithe ag an Stát agus a cháilíonn do dhíolúine ó fhorálacha áirithe cánach faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. De réir an ailt sin, tá ioncam áirithe a eascraíonn agus ab inmhuirir i leith cánach faoi Chás III, IV, agus V de Sceideal D mura mbeadh an t-alt sin ann, faoi dhíolúine ó cháin ioncaim. Bíonn ús taisce faoi réir cháin choinneála ar ús taisce (CCUT) i gcónaí.

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais**
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

............... ar lean

## 7. Sócmhainní Inláimhsithe

| | Áitreabh | Daingneáin & Feistis | Bogearraí Ríomhaire | Trealamh Ríomhaire | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | |
| **Costas** | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2018 | 3,691,937 | 1,598,321 | 614,784 | 600,564 | 6,505,606 |
| Suimeanna Breise | - | 6,598 | - | 13,088 | 19,686 |
| Diúscairtí | - | 57,493 | - | 25,858 | 83,351 |
| Ag 31 Nollaig 2018 | 3,691,937 | 1,547,426 | 614,784 | 587,794 | 6,441,941 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2018 | 276,894 | 473,437 | 484,132 | 491,152 | 1,725,615 |
| Ar dhiúscairtí | - | (57,493) | - | (25,858) | (83,351) |
| Muirear don bhliain | 92,298 | 154,715 | 63,243 | 55,271 | 365,527 |
| Ag 31 Nollaig 2018 | 369,192 | 570,659 | 547,375 | 520,565 | 2,007,791 |
| **Glanluach na leabhar** | | | | | |
| Ag 31 Nollaig 2018 | 3,322,745 | 976,767 | 67,409 | 67,229 | 4,434,150 |
| Ag 31 Nollaig 2017 | 3,415,043 | 1,124,884 | 130,652 | 109,412 | 4,779,991 |

............... ar lean

## 8. Infháltais agus Réamhíocaíochtaí

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Infháltais Eile | 30,982 | 7,020 |
| Ioncam fabhraithe | - | 3,437 |
| | 30,982 | 10,457 |

Baineann an figiúr infháltais eile le ranníocaíocht atá dlite ó pháirtí seachtrach i leith costas taighde, asbhaintí atá dlite maidir leis an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre, agus táillí infhála maidir leis an gComhdháil Folláine do Mhúinteoirí agus Foghlaimeoirí.

## 9. Suimeanna iníoctha: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Cánacha eile agus costais slándála sóisialaí | 448 | - |
| Fabhruithe | 187,919 | 141,328 |
| | 188,367 | 141,328 |

| Áirithe i gcánacha agus costais slándála sóisialta eile: | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| RCT | 448 | - |
| | 448 | - |

............... ar lean

## 10. Cúlchistí

| | Cúlchiste Ginearálta € | Cúlchiste Ainmnithe € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| **Cúlchistí Tosaigh** | 13,771,985 | 4,000,000 | 17,771,985 |
| Easnamh don bhliain | (397,740) | - | (397,740) |
| **Cúlchistí Deiridh** | 13,374,245 | 4,000,000 | 17,374,245 |

De réir straitéis airgeadais na Comhairle tá na cistí ainmnithe curtha ar bun mar chiste teagmhais chun aon chostas mór a ghlanadh a d'fhéadfadh éirí as agóidí dlí a bheith tugtha in aghaidh aon chuid den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go 2015 agus as aon rialú de chuid na Comhairle. De réir bheartas cuntasaíochta na Comhairle, sa chás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

## 11. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

De réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go 2015 tá comhaltaí na Comhairle i dteideal aisíocaíocht a fháil i leith na gcostas a thabhaíonn siad de riachtanas agus iad i mbun obair na Comhairle nó i mbun obair Choistí na Comhairle. Ní mór do na comhaltaí, ar múinteoirí iad, a gclárú a athnuachan gach bliain chomh maith. Déantar na hidirbhearta uile ar neamhthuilleamaí agus tá siad san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

............... ar lean

## 12. Ollsreafaí Airgid Thirim

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| **Torthaí ar Infheistíochtaí agus Fónamh ar Airgeadas** | | |
| Ús faighte | 21,775 | 29,910 |
| **Cánachas** | | |
| CCUT | (9,329) | (13,037) |
| **Caiteachas Caipitiúil agus infheistíocht airgeadais** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil | (19,686) | (115,047) |

## 13. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí

| | Iarmhéid tosaigh € | Sreafaí airgid € | Iarmhéid deiridh € |
|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 13,122,865 | (25,385) | 13,097,480 |
| Glanchistí | 13,122,865 | (25,385) | 13,097,480 |

## 14. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 20 Bealtaine 2019 agus shínigh siad seo a leanas iad thar a ceann

**Noelle Moran**
**Cathaoirleach**

**Tomás Ó Ruairc**
**Stiúrthóir**